CINNEADH Uimh. 2/2024 Ó CHOMHCHOISTE AN CHOINBHISIÚIN RÉIGIÚNAIGH MAIDIR LE RIALACHA TIONSCNAIMH FABHRACHA UILE-EORA-MHEÁNMHARA

an 12 Nollaig 2024

lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste d'fhonn forálacha idirthréimhseacha a chur san áireamh sna leasuithe ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara is infheidhme ón 1 Eanáir 2025 [2025/17]

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(1) agus Airteagal 4(3), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ('an Coinbhinsiún'), chomhaontaigh siad an leasú ar an gCoinbhinsiún d'fhonn foráil a dhéanamh maidir le tacar nua rialacha tionscnaimh nuachóirithe agus níos solúbtha. Glacadh Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste ([2]) maidir leis an leasú ar an gCoinbhinsiún, lena leagtar amach rialacha tionscnaimh athbhreithnithe, an 7 Nollaig 2023 agus tiocfaidh sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025 ('rialacha leasaithe an Choinbhinsiúin').

(2) Comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha go bhfuil gá le forálacha idirthréimhseacha chun soiléiriú a dhéanamh ar an gcóir fhabhrach atá le deonú d'earraí a onnmhairítear ó Pháirtí Conarthach roimh theacht i bhfeidhm rialacha leasaithe an Choinbhinsiúin agus a allmhairítear isteach i bPáirtí Conarthach eile tar éis theacht i bhfeidhm na rialacha sin.

(3) Cruthúnais tionscnaimh arna n-eisiúint nó arna dtarraingt suas roimh an 1 Eanáir 2025 i bPáirtí Conarthach i gcomhréir leis na rialacha maidir le cur i bhfeidhm roghnach an Choinbhinsiúin go dtí go dtabharfar rialacha athbhreithnithe an Choinbhinsiúin i gcrích agus go dtiocfaidh na rialacha athbhreithnithe sin i bhfeidhm, ba cheart glacadh leo le haghaidh cóir fhabhrach tráth an allmhairithe tar éis an 1 Eanáir 2025.

(4) Cruthúnais tionscnaimh arna n-eisiúint nó arna dtarraingt suas i gcomhréir le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, nó arna n-eisiúint i gcomhréir leis na Prótacail a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin a tháinig roimh an gCoinbhinsiún, roimh dháta theacht i bhfeidhm an leasaithe ar na prótacail dhéthaobhacha idir na Páirtithe Conarthacha atá chun an tagairt don Choinbhinsiún arna leasú go deireanach a chur san áireamh, ba cheart glacadh leis na cruthúnais sin le haghaidh cóir fhabhrach tráth an allmhairithe tar éis an dáta sin.

(5) Chuir roinnt Páirtithe Conarthacha in iúl nach mbeidh siad in ann a bprótacail dhéthaobhacha maidir le rialacha tionscnaimh a thabhairt cothrom le dáta chun tagairt don Choinbhinsiún arna leasú go deireanach a chur san áireamh roimh an 1 Eanáir 2025, mar gheall ar fhad a nósanna imeachta inmheánacha.

(6) Dá mbeadh moill ar roinnt Páirtithe Conarthacha na prótacail dhéthaobhacha a thabhairt cothrom le dáta chun tagairt don Choinbhinsiún arna leasú go deireanach a chur san áireamh, d'fhéadfadh sé go gcuirfí isteach ar na féidearthachtaí atá ann faoi láthair maidir le carnadh.

(7) Comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha go bhfuil gá le forálacha idirthréimhseacha chun sreafaí trádála a chaomhnú bunaithe ar na féidearthachtaí atá ann faoi láthair maidir le carnadh, go dtí go dtabharfar chun críche an próiseas chun na prótacail dhéthaobhacha uile a ailíniú chun tagairt don Choinbhinsiún arna leasú go deireanach a chur san áireamh. Ba cheart Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, mar arbh infheidhme í roimh na leasuithe a tugadh isteach le Cinneadh Uimh. 1/2023, a bheith infheidhme, mar bheart idirthréimhseach, idir na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún i gcomhthráth le rialacha athbhreithnithe an Choinbhinsiúin agus ba cheart carnadh a cheadú idir na tacair éagsúla rialacha i gcás inar féidir.

([1]) IO L 54, 26.2.2013, lch. 4.

([2]) Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir leis an leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara [2024/390] (IO L, 2024/390, 19.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/390/oj).

(8) Comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha gur forálacha teicniúla iad na forálacha idirthréimhseacha agus gur cheart iad a chur i bhfeidhm a luaithe is féidir. I gcás inar féidir faoi reachtaíocht inmheánach na bPáirtithe Conarthacha, ba cheart cur i bhfeidhm sealadach na bhforálacha idirthréimhseacha a áirithiú.

(9) Comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha Cinneadh Uimh. 1/2023 a leasú chun forálacha idirthréimhseacha is infheidhme a áireamh i rialacha athbhreithnithe an Choinbhinsiúin ar feadh tréimhse bliana ó dháta theacht i bhfeidhm rialacha athbhreithnithe an Choinbhinsiúin, eadhon don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025.

(10) Ba cheart do gach Páirtí Conarthach bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear rialacha athbhreithnithe an Choinbhinsiúin i bhfeidhm go héifeachtach trí na prótacail dhéthaobhacha a ailíniú chun tagairt don Choinbhinsiún arna leasú go deireanach a chur san áireamh faoin 31 Nollaig 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Déanfar Cinneadh Uimh. 1/2023 a leasú mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

2. Tiocfaidh na leasuithe ar Chinneadh Uimh. 1/2023 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2024.

Thar ceann an Chomhchoiste
An Cathaoirleach
María Isabel GARCÍA CATALÁN

IARSCRÍBHINN

Airteagal aonair

Leasú ar Chinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara

I gCinneadh Uimh. 1/2023 leasaítear an tAirteagal Aonair den Iarscríbhinn a ghabhann leis mar a leanas:

1. i bpointe (5), cuirtear an t-airteagal seo a leanas le Foscríbhinn I:

'*Airteagal 42*

Forálacha idirthréimhseacha

1. Beidh Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún arna foilsiú in IO L 54, 26.2.2013, lch. 4 infheidhme idir na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún go dtí an 31 Nollaig 2025 i gcomhthráth leis an bhFoscríbhinn seo.

2. Cruthúnais tionscnaimh arna n-eisiúint nó arna dtarraingt suas roimh an 1 Eanáir 2025 i gcomhréir leis na rialacha maidir le cur i bhfeidhm roghnach an Choinbhinsiúin go dtí go dtabharfar an leasú ar an gCoinbhinsiún ('na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh') i gcrích agus go dtí go dtiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm agus na cruthúnais sin a thíolactar tar éis an dáta sin, laistigh dá dtréimhse bhailíochta, glacfar leo le haghaidh cóir fhabhrach tráth an allmhairithe i gcás earraí a bheidh, an 1 Eanáir 2025, faoi bhealach nó a chuirfear faoi nós imeachta speisialta faoi rialú custaim. Féadfar na hearraí sin a úsáid le haghaidh carnadh de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 7.

3. I gcásanna ina dtíolactar cruthúnais tionscnaimh go déanach nó i gcásanna ina dtarraingítear suas nó ina n-eisítear cruthúnais tionscnaimh roimh an 1 Eanáir 2025 i gcomhréir leis na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh, beidh feidhm ag Airteagal 23(2) agus (3), maidir leis na hearraí a luaitear i mír 2 den Airteagal seo.

4. Cruthúnais tionscnaimh arna n-eisiúint nó arna dtarraingt suas i gcomhréir le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún arna foilsiú in IO L 54, 26.2.2013, lch. 4 nó arna n-eisiúint i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh atá sna prótacail a tháinig roimh an gCoinbhinsiún roimh dháta theacht i bhfeidhm an leasaithe ar na prótacail dhéthaobhacha idir na Páirtithe Conarthacha atá chun an tagairt don Choinbhinsiún arna leasú go deireanach a chur san áireamh, agus dtíolacadh tar éis an dáta sin, glacfar leis na cruthúnais sin laistigh dá dtréimhse bhailíochta le haghaidh cóir fhabhrach tráth an allmhairithe i gcás earraí a bheidh, ar an dáta sin, faoi bhealach nó a chuirfear faoi nós imeachta speisialta faoi rialú custaim. I gcás ina dtíolacfar na cruthúnais sin go déanach, beidh feidhm ag Airteagal 23(2) agus (3).

5. Cruthúnais tionscnaimh arna n-eisiúint nó arna dtarraingt suas roimh an 1 Eanáir 2026 i gcomhréir le mír 1 nó i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh atá sna prótacail a tháinig roimh an gCoinbhinsiún agus a thíolactar tar éis an dáta sin laistigh dá dtréimhse bhailíochta, glacfar leo le haghaidh cóir fhabhrach tráth an allmhairithe i gcás earraí a bheidh, an 1 Eanáir 2026, faoi bhealach nó a chuirfear faoi nós imeachta speisialta faoi rialú custaim. I gcásanna ina dtíolacfar na cruthúnais sin go déanach, beidh feidhm ag Airteagal 23(2) agus (3).

6. Chun críche fíoraithe, beidh feidhm ag Airteagal 33(2), Airteagal 34 agus, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 35 freisin maidir le cruthúnais tionscnaimh arna n-eisiúint nó arna dtarraingt suas i gcomhréir leis na rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh agus cruthúnais tionscnaimh arna n-eisiúint nó arna dtarraingt suas i gcomhréir leis na prótacail a tháinig roimh an gCoinbhinsiún is infheidhme roimh an 1 Eanáir 2025.

7. Chun críche fíoraithe, beidh feidhm ag Airteagal 33(2) agus Airteagal 34 freisin i gcás ina gcuirtear isteach an iarraidh ar fhíorú tar éis an 1 Eanáir 2026 nó tar éis dháta theacht i bhfeidhm an leasaithe ar na prótacail dhéthaobhacha idir na Páirtithe Conarthacha atá chun an tagairt don Choinbhinsiún arna leasú go deireanach a chur san áireamh, i gcás cruthúnais tionscnaimh arna n-eisiúint nó arna dtarraingt suas i gcomhréir le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún arna foilsiú in IO L 54, 26.2.2013, lch. 4 agus sna prótacail a tháinig roimh an gCoinbhinsiún.

8. Tabharfaidh na Páirtithe Conarthacha fógra dá chéile gach 4 mhí, tríd an gCoimisiún Eorpach, faoin staid mar atá maidir lena bprótacail dhéthaobhacha a thabhairt cothrom le dáta chun an tagairt don Choinbhinsiún arna leasú go deireanach a chur san áireamh agus faoi na bearta a rinneadh chun a áirithiú go gcuirfear rialacha an Choinbhinsiúin arna leasú le Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste i bhfeidhm go héifeachtach ón 1 Eanáir 2026.

9. Áireofar sna deimhnithe gluaiseachta EUR.1 a eiseofar i gcomhréir leis an bhFoscríbhinn seo an ráiteas i mBéarla 'REVISED RULES' i mbosca 7. Cuirfear an ráiteas sin isteach freisin ag deireadh théacs an dearbhaithe tionscnaimh arna tharraingt suas i gcomhréir leis an bhFoscríbhinn seo. Áireofar an ráiteas sin sna cruthúnais tionscnaimh go dtí an 31 Nollaig 2025.';

2. i bpointe (5), cuirtear an mhír seo a leanas isteach in Airteagal 8 i bhFoscríbhinn I:

‘1a. Féadfar an carnadh dá bhforáiltear in Airteagal 7 a chur i bhfeidhm maidir le hearraí a aicmítear faoi Chaibidlí 1, 3, 16 (le haghaidh táirgí iascaigh próiseáilte) agus faoi Chaibidlí 25 go 97 den Chóras Comhchuibhithe a bhfuil stádas tionscnaimh faighte acu trí na rialacha tionscnaimh faoi Airteagal 42(1), agus na forálacha ábhartha d’Fhoscríbhinn II a chur i bhfeidhm agus trí na rialacha tionscnaimh a áirítear sna prótacail a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa ‘táirgí tionscnaimh’ agus le modhanna comhair riaracháin a tháinig roimh an gCoinbhinsiún a chur i bhfeidhm, ar choinníoll gur de thionscnamh na bPáirtithe Conarthacha iad ábhair agus táirgí a bhféadfar carnadh a dhéanamh ina leith, mar a fógraíodh san ‘fhógra ón gCoimisiún a bhaineann le cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara nó na prótacail maidir le rialacha tionscnaimh lena bhforáiltear maidir le carnadh trasnánach idir na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún seo’, mar a foilsíodh go deireanach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an mír seo ar feadh na tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 31(1), maidir le hearraí atá cumhdaithe ag na cruthúnais tionscnaimh a luaitear in Airteagal 42(4) agus 5.’.